Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire

Tuarascáil Bhliantúil 2007/08

CLÁR ÁBHAR

(Seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Cuimsítear sa tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2007 go dtí an 31 Lúnasa 2008)

1. Réamhrá

1.1 Ráiteas an Chathaoirligh
1.2 Ráiteas an Stiúrthóra
1.3 Bunú na hInstitiúide
1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide

2. Rialachas

2.1 Comhlacht Rialaithe
2.2 Foireann Shinsearach

3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn

3.1 Comhairle Acadúil
3.2 Forbairtí Acadúla
3.3 Cláir Cheadaithe
3.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha
3.5 Staitisticí faoi Mhic Léinn
3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mac Léinn
3.7 Seirbhísí agus Áiseanna na Mac Léinn

4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

4.1 Gníomhaíochtaí Forbraíochta
4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha
4.3 Forbairt an Champais
4.4 Bainistíocht Sábháilteachta agus Seirbhísí

5. Pearsanra

5.1 Líonta Foirne
5.2 Éachtaí na Foirne

6. Tuarascáil Airgeadais

7. Comhionannas Deiseanna

Aguisín A.I
Achoimre ar Ráitis Airgeadais 2007/2008

1. Réamhrá

1.1 Ráiteas an Chathaoirligh

Is deas liom an tuarascáil bhliantúil do bhliain acadúil 2007-2008 a chur i láthair. Seo an deichniú bliain don institiúid agus tá go leor ábhair mhórtais againn. Ba gharsprioc shuntasach i mbliana forbairt straitéis nua na hinstitiúide, "Todhchaí a Chruthú" ('Creating Futures').

Tá borradh suntasach tagtha ar an Institiúid thar thréimhse deich mbliana na hInstitiúide i dtaobh clár a thairiscítear, rolluithe mic léinn, bonneagar fisiciúil agus gníomhaíochtaí ar an gCampas.

Is mian liom obair agus tiomantas mo chomhbhall den Chomhlacht Rialaithe le linn na bliana agus go deimhin obair agus tiomantas Cathaoirleach agus Ball den Chomhlacht Rialaithe roimhe seo le deich mbliana anuas a aithint.

Ar deireadh thiar, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na hInstitiúide as ucht a dtiomantais don Institiúid agus is mian liom comhghairdeas a dhéanamh leo maidir lena gcuid éachtaí.

1.2 Ráiteas an Stiúrthóra

Baineadh garsprioc thábhachtach amach le linn 2007/08 agus IADT tar éis deich mbliana a chomóradh ó sainíodh iad mar Institiúid Teicneolaíochta. Bliain thábhachtach a bhí ann don smaointeachas agus do bhreithniú, nuair a thugamar faoi fhorbairt an phlean stráitéisigh do na cúig bliana amach romhainn, dar teideal 'Todhchaí a Chruthú', arna sheoladh ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta in Aibreán 2008. Ba mhian liom tiomantas agus tacaíochta ár bhfoirne agus na mac léinn a aithint le linn an phróisis chun faire siar ar an am atá caite agus athbhreithniú a dhéanamh ar chruthú an phlean nua. Ina theannta sin, aithním tacaíocht luachmhar réimse fairsing d'ár bpáirtithe leasmhara seachtracha agus an phobail níos fairsinge.

Rinneadh forbairt agus feabhsú suntasach ar bhonneagar an champais, freisin, tar éis tús a chur leis an tionscadal le háitreabh scoile a chur ar fáil do Scoil Náisiúnta 'Educate Together' i mBaile na Manach agus dul chun cinn á dhéanamh aici ar aon dul le forbairt ár bhfaiche uile aimsire agus ár n-oibreacha tábhachtacha cumasaithe, lena n-áirítear príomhlínte cumhachta, gáis agus uisce mar aon le tógáil bóithre nua, áiseanna carrpháirceála agus tírdhreachú fairsing. De réir mar a bhaineann na tionscadail sin a gcríochnú amach, tá go leor oibre déanta cheana féin ar dhearadh na Scoile nua Náisiúnta Scannán agus ar na tionscadail PPP a áiríonn foirgneamh teagaisc, halla agus ceardlanna ilchúspóireacha.

Sa mhullach air sin, forbraíodh naisc chomhoibritheacha níos tapúla ar fud na hearnála IoT agus le hollscoileanna i mbliana agus fáiltítear go caoin é seo. Leanann IADT le forbairt a dhéanamh ar a n-áit speisialta laistigh den ardoideachas in Éirinn, agus a aithint go mbaineann ríthábhacht le difreáil misin, ach amháin i gcomhthéacs níos fairsinge an chumais le comhoibriú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

I mbliana, bhí IADT mar óstach do dhá chomhdháil thar a bheith ábhartha – bhí ceann amháin urraithe ag an Scoil Náisiúnta Scannán agus an ceann eile i bpáirtíocht le comhpháirtithe i reimse na Foghlama Móibílí.

Molaim an tuarascáil seo duit mar thaifead ar éachtaí na bliana seo chuaigh thart, agus ina gcuimsítear forbairtí agus pleananna leanúnacha straitéiseacha i leith forbartha amach anseo.

1.3 Bunú na hInstitiúide

Bronnadh stádas féinrialaitheach ar Institiúid Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, ar comhcholáiste é de chuid VEC Dhún Laoghaire, de réir fhorálacha Achtanna na gColáistí Teicniúla, 1992-1994 le héifeacht ón 1 Aibreán 1997 ag Niamh Breathnach, T.D., an tAire Oideachais. Athraíodh ainm an Choláiste ag Ordú Aire go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ón 8 Eanáir 1998.

1.4 Ráiteas Misin na hInstitiúide

Fís:

Bheith ar thús cadhnaíochta na múinteoireachta, an taighde agus na nuálaíochta ag teacht le chéile na n-ealaíon, na teicneolaíochta agus an fhiontair, agus le cur le forbairt na hÉireann mar gheilleagar cruthaitheach eolais.

Misean:

Is é misean IADT an cháil atá orainn a choimeád agus a fheabhsú mar an rogha coláiste inár limistéir speisialaithe. Bainfear seo amach trí chláir ghairmiúla agus thionscal-ábhartha chomh maith le cur chuige nuálaíoch i leith na múinteoireachta, na foghlama agus an mheasúnaithe a chur ar fáil, agus trí thabhairt faoi thaighde, fhorbairt fiontair agus nuálaíochta.

Léireoidh ár líonta foirne agus mic léinn éagsúlacht na hÉireann nua agus beidh acu tréanteagmhasacht idirnáisiúnta. Beidh ár gcéimithe dea-lonnaithe le cur le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha. Agus borradh suntasach tagtha ar líonta, beidh IADT mar lárionad d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus aithneofar IADT mar imreoir tábhachtach i bhforbairt beartas agus an tionscail, agus mar chomhpháirtí comhoibritheach ar a bhfuil luach leis an tionscal agus le hinstitiúidí eile ardoideachais.

2. Rialachas

2.1 Comhlacht Rialaithe

2.1.2 Comhlacht Rialaithe – amhail an 31 Lúnasa 2008

Ceapadh an ceathrú Comhlacht Rialaithe d'Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíocta Dhún Laoghaire le haghaidh téarma cúig bliana ón 1 Aibreán 2006, gan beirt bhall mic léinn a cheaptar ar bhonn bliantúil a chur san áireamh. Thionóil an Comhlacht Rialaithe 9 n-uaire sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2007 go dtí an 31 Lúnasa 2008.

Amhail a leanas is ea ballraíocht an Chomhlachta Rialaithe:

An tUas. David Harvey (Cathaoirleach)

An tUas. Jim Devine (Stiúrthóir)

An Comh. Niamh Bhreathnach (VEC Dhún Laoghaire)

An Comh. Donal Marren (VEC Dhún Laoghaire)

An Comh. Jane Dillon Byrne (VEC Dhún Laoghaire)

An tUas. William Dockrell (VEC Dhún Laoghaire)

An tUas. Mary Elliott (VEC Chontae Bhaile Átha Cliath)

An Comh. Eleanor Roche (VEC Chontae Chill Mhantáin VEC)

An tUas. Joe Byrne (ICTU)

An tUas. Jennifer Condon (Fiontraíocht Éireann)

An tUas. Patricia McKenna (An Chomhairle Ealaíon)

An tUas. Davitt Byrne (Ericsson)

An tUas. David Johnson (Google) *

An tUas. Simon Perry (Bord Scannán na hÉireann)

An tUas. Keith Foran (Foireann Acadúil)

An tUas. Marion Palmer (Foireann Acadúil)

An tUas. Katie Hendrick (Foireann Neamhacadúil)

Baill Mhic Léinn den Chomhlacht Rialaithe (a cheaptar ar bhonn bliantúil)

An tUas. Adam Harrington *[an 1 Iúil 2007 go dtí an 30 Meitheamh 2008]*

An tUas. Claire Weir *[an 1 Iúil 2007 go dtí an 30 Meitheamh 2008]*

An tUas. Claire McIlraith *[an 1 Iúil 2008 go dtí an 30 Meitheamh 2009]*

An tUas. Michael Goss *[an 1 Iúil 2008 go dtí an 30 Meitheamh 2009]*

** Éirithe as in Aibreán 2008*

2.2 Foireann Shinsearach *(amhail an 31/08/08)*

Stiúrthóir	Jim Devine
Cláraitheoir	An Dr Annie Doona
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	Bernard Mullarkey
Ceann na Forbartha	An Dr Marian O'Sullivan
Ceann Scoil na nEalaíon Cruthaitheach	Seán Larkin
Ceann Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha	Andrew Power
Ceann Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí	An Dr Josephine Browne
Ceann Roinn na hEalaíne agus an Deartha	Liam Doona
Ceann Roinn na Scannán agus na Meán	Kevin Rafter
Ceann Roinn na nEolaíochtaí Foghlama	Marion Palmer
Ceann Roinn na Teicneolaíochta	An Dr Mark Riordan
Ceann Roinn an Ghnó agus an Fhiontair	Therese Moylan
Ceann Roinn na nDaonnachtaí	An Dr Paula Gilligan
Leabharlannaí	Deirdre Judge
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Kevin Browne
Bainisteoir I.T.	Colm Hennessy
Bainisteoir Eastát agus Áiseanna	Grace Weldon
Bainisteoir Airgeadais	Conor Logan
Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn	David Doyle
Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha	Tony Niland
Stiúrthóir Cruthaitheach, An Scoil Náisiúnta Scannán	Donald Taylor Black

3. Foireann Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn

3.1 Comhairle Acadúil

3.1.1 Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile trí huaire ar a laghad sa bhliain agus is é an córam an tríú cuid den bhallraíocht. Rith an Comhlacht Rialaithe togra le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gComhairle Acadúil an 19 Meitheamh 2006 agus cheadaigh an Comhlacht Rialaithe an struchtúr nua an 6 Meán Fómhair 2006. Ina theannta sin, ceadaíodh athruithe ar bhallraíocht na bhFochoistí éagsúla.

3.1.2 Bhunaigh an Chomhairle Acadúil líon Fochoistí, amhail a leanas:

- An Focoiste um Bailíochtú Clár (An Buanchoiste roimhe seo)
- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbhreithnithe
- An Fochoiste Taighde, Forbartha agus Idirchaidrimh Sheachtraigh
- An Fochoiste Leabharlainne, Faisnéise agus Acmhainní Foghlama
- An Fochoiste Disciplíneach
- An Fochoiste Achomharc

3.1.3 Amhail a leanas atá ballraíocht na Comhairle Acadúla amhail an 31 Lúnasa 2008:

Baill Ex officio

Ainm	Teideal
Jim Devine	Stiúrthóir agus Cathaoirleach
An Dr Annie Doona	Cláraitheoir
An Dr Marian O'Sullivan	Ceann na Forbartha
An Dr Josephine Browne	Ceann Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Seán Larkin	Ceann Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Andrew Power	Ceann Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
David Doyle	Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
Ciara McIlraith	Uachtarán, Aontas na Mac Léinn

Baill thofa

Ainm	Teideal
Amanda Ralph	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Pat Molloy	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach
Steve Woods	Scoil na nEalaíon Cruthaitheach (freastal páirtaimseartha)
Conor Heagney	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
An Dr Gráinne Elmore	Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí
Francis McSwiggan	Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Marion Palmer	Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Robert Griffin	Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Olivia Hurley	Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (freastal páirtaimseartha)
Ben Farrell	Ionadaí d'Aontas na Mac Léinn

3.2. Forbairtí Acadúla

Ceaduithe Nua Cláir ag an *HETAC* *

Dioplóma Iarchéime – MA/MSc sna Meáin Dhigiteacha

MA i Léiriúchán Craolta don Raidió agus don Teilifís

3.3. Cláir Cheadaithe

3.3.1 Cláir Lánaimseartha – 2007/2008

Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Ardteastas Ealaíon i Smideadh do na Scannáin, don Teilifís agus don Amharclann

Baitsiléir Ealaíon Deartha i nDéanamh Samhlacha do Scannáin agus do na Meáin

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Léiriúcháin i Stiúradh Ealaíne

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse

Máistir Ealaíon i Scríbhneoireacht Scáileáin

Máistir Ealaíon i gCleachtais Amharcealaíon

Máistir Ealaíon trí Thaighde sna hEalaíona Cruthaitheacha

Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Ardteastas Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meáin Chlosamhairc

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach

Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/Innealtóireacht Gréasáin

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht Fheidhmeach

Máistir Ealaíon trí Thaighde sna hEolaíochtaí Foghlama

Máistir Ealaíon trí Thaighde sna hEolaíochtaí Foghlama

Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Bonnteastas

Baitsiléir Gnó i bhFiontar

Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontraíocht

Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontraíocht (Forlíontach)

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus i mBainistiú Ealaíon

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha

Máistir Ealaíon i Staidéar Cultúir Phoiblí

Dioplóma Iarchéime Gnó i mBainistiú Imeachtaí Cultúrtha

Máistir Ealaíon trí Thaighde sna Daonnachtaí

Máistir Ealaíon trí Thaighde i nGnó agus i bhFiontar

*Déanann Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna gach ceann de na cláir thuasluaite a bhailíochtú **

3.3.2 Cláir Pháirtaimseartha lena n-áirítear ACCS – 2007/2008

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon (Modh ACCS)
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha (Modh ACCS)
Máistir Ealaíon i gCleachtais Amharcealaíon (Modh ACCS)
Máistir Eolaíochta i gCibearshíceolaíoct
Máistir Ealaíon i Staidéar Cultúir Phoiblí (Modh ACCS)

3.3.3 Cláir Nua Lánaimseartha atá ar tairiscint – 2007/08

Máistir Eolaíochta i gCibearshíceolaíoct
Dioplóma Iarchéime Gnó i mBainistiú Imeachtaí Cultúrtha

3.4. Scrúdaitheoirí Seachtracha

3.4.1 Bliain Acadúil 2007/2008

CLÁIR SA GHNÓ AGUS SNA DAONNACHTAÍ

Baitsiléir Gnó i bhFiontar

An Dr Denis Harrington
An tUas. Martin Nolan
An tUas. Margaret Dooner

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha

An Dr Patrick Matthews
An Dr Ruth Barton
An tUas. Éamon Maher

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Gnó agus i mBainistiú Ealaíon

An tUas. Patrick Ryan
An tUas. Éamonn Jordan
An tUas. Caroline O'Sullivan

Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontraíocht

An Dr Denis Harrington
An tUas. Margaret Dooner
An tUas. Martin Nolan

Bonnteastas

An Dr Maria Keeney
An tUas. Orla Hanratty
An tUas. Michelle Keogh
An Dr Patrick Mathews
An tUas. Martin Nolan

MA i Staidéar Cultúir Phoiblí

Stephanie McBride

Dioplóma Iarchéime i nGnó

An tUas. Patrick Ryan

CLÁIR SNA TEICNEOLAÍOCHTAÍ CRUTHAITHEACHA

Ardteastas Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meáin Chlosamhairc

An tUas. James Wright

Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán
An tUas. Thomas Dowling
An tUas. Deirdre Lillis

Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach
An tUas. James Wright

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise
An Dr John McCarthy
An tOllamh Jan Noyes

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán
An tUas. Thomas Dowling
An tUas. Deirdre Lillis

CLÁIR SNA HEALAÍONA CRUTHAITHEACHA

Ardteastas Ealaíon i Smideadh do na Scannáin, don Teilifís agus don Amharclann
An tUas. Christina Phelan-Yuan

Ardteastas Ealaíon i gCraoladh Raidió
An Dr Stephanie McBride

Baitsiléir Ealaíon Deartha i nDéanamh Samhlacha do Scannáin agus do na Meáin
An tUas. David Burrows
An Dr Patrick Brereton

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse
An tUas. David Collins
An Dr Debbie Ging

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Léiriúcháin i Stiúradh Ealaíne
An tUas. David Burrows
An tUas. Catherine O'Hara

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Mhínealaín
An tUas. David Mabb
An Dr Christa Mia Lerm-Hayes

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan
An tOllamh Alastair McIllwain

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht
An tUas. Arnaud Claas
An Dr David Bate

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc
An tUas. Tony Brook

MA i Scríbhneoireacht Scáileáin
An tUas. Harvey O'Brien
An tUas. Shane Connaughton

MA i gCleachtais Amharcealaíon
An tOllamh Terry Shave

3.5 Staitisticí faoi Mhic Léinn

3.5.1 Líonta Mac Léinn de réir Disciplíne 2007/2008

Disciplín	An 1ú Bliain	Bliant a eile	Iomlán
Ardteastas Ealaíon i Smideadh do na Scannáin, don Teilifís agus don Amharclann	8	-	8
Ardteastas Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meáin Chlosamhairc	34	17	51
Bonnteastas	14	-	14
Baitsiléir Ealaíon Deartha i nDéanamh Samhlacha do Scannáin agus do na Meáin	25	47	72
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán	41	59	100
Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach	-	19	19
Baitsiléir Gnó i bhFiontar	26	73	99
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Léiriúcháin i Stiúradh Ealaíne	-	9	9
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Mhínealaín	-	1	1
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan	32	63	95
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht	20	57	77
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc	27	75	102
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon	55	122	177
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse	30	80	110
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Síceolaíocht Fheidhmeach	40	85	125
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán	19	14	33
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Béarla, Meán agus Cultúrtha (Lánaimseartha agus Páirtaimseartha)	65	150	215
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Gnó agus Bainistíocht Ealaíon	51	122	173
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontraíocht	-	29	29
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i bhFiontar	26	-	26
MA i Scríbhneoireacht Scáileáin	-	14	14
MA i gCleachtais Amharcealaíon	-	23	23
MA i Staidéar Cultúir Phoiblí (Lánaimseartha agus Páirtaimseartha)	-	12	12
MA i gCibearshíceolaíocht (Páirtaimseartha)	-	16	16
Dioplóma Iarchéime Gnó i mBainistiú Imeachtaí Cultúrtha	-	6	6
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtadh Amharcealaíon (ACCS)	9	43	52
MA i gCleachtais Amharcealaíon (ACCS)	-	25	25
Dioplóma Iarchéime Gnó i mBainistiú Imeachtaí Cultúrtha	-	6	6
IOMLÁN	**533**	**1160**	**1700**

NB Ní áirítear leis na figiúirí thuasluaite rolluithe do MAanna agus do MScanna trí Thaighde

Rolluithe Mic Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINEANN	IOMLÁN
Ardteastas	37	30	67
Gnáthchéim Bhaitsiléara	54	27	92
Céim Bhaitsiléara Onóracha	181	184	365



Líonta Foriomlána Mic Léinn Lánaimseartha de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINEANN	IOMLÁN
Ardteastas	52	32	84
Gnáthchéim Bhaitsiléara	195	95	290
Céim Bhaitsiléara Onóracha	533	632	1165
Máistir/Iarchéim	17	41	47



Líonta Foriomlána Mic Léinn Pháiraimseartha de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINEANN	IOMLÁN
Céim Bhaitsiléara Onóracha	14	45	59
Máistir	11	36	47



Iarchéimithe 2007/2008 de réir Leibhéal Gradaim

LEIBHÉAL GRADAIM	FIREANN	BAINEANN	IOMLÁN
Ardteastas	28	32	60
Gnáthchéim Bhaitsiléara	61	24	85
Ardhchéim Bhaitsiléara Onóracha	143	143	286
Máistir	12	34	46
Dioplóma Iarchéime Dioplóma	2	3	5



3.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mac Léinn

3.6.1 Duaiseanna/Éachtaí na Mac Léinn – 2008/2009

Gradam 'an Postaer is Fearr' – Comhdháil an Líonra Foghlama agus Nuálaíochta
Orla Byrne, Barr (Samhain 2007)

Cumann Grianghrafadóirí Gairmiúla na hÉireann – Gradam Mic Léinn IADT
Lorna Fitzimons. (Samhain 2007)

Gradaim IADT le haghaidh Sármhaitheas Acadúil do Thráchtas ar Fhíor-Ardchaighdeán
Orla McHardy [BA (Onóracha) sa Bheochan], Marcus Swam [BA (Onóracha) i nDearadh Cumarsáid Amhairc] (Samhain 2007)

Gradam Aileen MacKeogh IADT
Darragh O'Callaghan [BA (Onóracha) sa Mhínealaín]

Gradaim Mhac Léinn na Bliana an HETAC
Clare Shanahan [BA (Onóracha) sa Mhínealaín]

Gradam Taylor Art an RDS
Bhuaigh Robert Manson [BA i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse] an gradam €20,000 dá shaothar dar teideal 'The Silver Bow'.

Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí – Gradam Mhac Léinn na Bliana
Fuair Mark Robinson, Philip Le Guay, Lelia O'Reilly, Alan Waldron, Melissa Collins agus Leah Johnson uile Gradam Bonn Óir, agus bronnadh Gradam Sármhaitheasa ar Elizabeth Brady ag searmanas bliantúil bronnta IADT i Samhain 2007.

Gradam Baitsiléir Gnó Margaíochta Premier Foods
Bronnadh Gradam Baitsiléir Margaíochta (Onóracha) Premier Foods ar Michael O'Connor i Samhain 2007.

Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Fuair Stephen Shannon, David McGuane, Greg McDonnell, Nicola Hoyne, Peter Quigley agus Mary Toale Gradaim Mhic Léinn an DLRCEB i Samhain 2007.

Gradaim Chomhaltacht Nuachtáin
Keith Gillispie, Laura Meaney, Richard Walsh, David McGuane, Michael O'Connor, Richard Flanagan agus David Loughlin uile Gradaim Chomhaltacht Nuachtáin i Samhain 2007.

Gradaim Bonnteastais Deloitte
Bronnadh Gradam Éachta Deloitte ('Achievement for Effort') ar Michael Goss, agus bronnadh Gradam Éacht Iarrachta ar Ivor Casey i Samhain 2007.

Gradaim Mhac Léinn na Bliana
Bronnadh Gradaim Mhac Léinn na Bliana ar na mic léinn a leanas de Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha ag searmanas bronnta Shamhain 2007:

- Cormac Burke (Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán)
- Louise Glynn (Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheán)
- Eily-Jane Colgan (BSc (Onóracha) i Síceolaíocht mar a chuirtear i bhfeidhm ar Theicneolaíocht Faisnéise)
- Dara Parkes-Kenna (Ardteastas i dTeicneolaíocht Meáin Chlosamhairc)
- Shane Connaughton (Baitsiléir Innealtóireachta i dTeicneolaíocht Meán Digiteach)

Gradam Ionad Oideachais na Carraige Duibhe (Samhain 2007)
Fuair Brian Gallagher (Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán] Gradam Thionscadal Mic Léinn na Bliana (urraithe ag Ionad Oideachais na Carraige Duibhe) ag searmanas bronnta 2007

Máistir-rang Bonnleibhéil Champa Ealaíne na hÁise-na hEopra
Bronnadh áit ar Mháistir-rang Bonnleibhéil Champa Ealaíne na hÁise-na hEorpa a bhí ar siúl sa Téalainn ar Darragh O'Callaghan. (Bealtaine 2008)

3.7 Seirbhísí agus Áiseanna na Mac Léinn

3.7.1 Coiste Sheirbhísí na Mac Léinn (SSC)

Bunaíodh Coiste Sheirbhísí na Mac Léinn (SSC), le comhbhallraíocht mhic léinn agus foirne, i nDeireadh Fómhair 1998 le cláir agus le seirbhísí éagsúla a phleanáil, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm atá meáite ar an deis a thabhairt do mhic léinn a lánchumas acadúil agus pearsanta a bhaint amach. Tá an SSC cistithe ag an muirear bliantúil caipitíochta mic léinn agus ag na tacaíochtaí a leanas (ní liosta críochnaitheach é seo):

- Seirbhís leighis (Dochtúir agus Banaltra)
- Seirbhís comhairleoireachta
- Seirbhís um chomhairle gairmeacha
- Oifigeach Spórt agus Caitheamh Aimsire
- Ceardlanna Scríbhneoireachta agus Scileanna Taighde
- Aontas na Mac Léinn
- Clubanna agus Cumainn

Sa mhullach ar an méid thuas, oibríonn an SSC Ciste Lánroghnach le cúnamh a thabhairt do mhic léinn ag a bhfuil deacrachtaí airgeadais. Caitear leis an uile iarratas go hiomlán faoi rún.

Réitíonn seirbhísí laistigh de shainchúram an SCC tuarascáil bhliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí don bhliain gach bliain. Sonraítear thíos na príomhphointí ó gach Tuarascáil Bhliantúil den SSC:

An Oifig Rochtana:

- Cuireann an Oifig Rochtana tacaíocht ar fáil do na grúpaí a leanas de mhic léinn:
  - foghlaimeoirí fásta
  - mic léinn faoi mhíchumais
  - fágóirí scoile atá ar mhíbhuntáiste sóisialta
  - mionliagh eitneacha/baill den lucht taistil
  - tuismitheoirí aonair
  - tionscnaimh phobail.
- B'ionann an liúntas do Chiste Cúnaimh na Mac Léinn in 2007/2008 agus €64,000. B'ann do dhá bhabhta d'iarratais ar chúnamh ón gciste seo – i Samhain 2007 fuair 88 iarratasóir cúnamh, agus fuair 90 iarratasóir sa bhreis cúnamh i bhFeabhra 2008.
- Tháinig méadú ar an líon mic léinn a dhearbhaigh go raibh siad faoi mhíchumas ó 85 in 2006/2007 go dtí 94 in 2007/2008.
- Cuireann an Oifig Rochtana comhairle ar mhic léinn faoi roghanna cistithe agus bhain 70 mac léinn leas as an tseirbhís comhairle seo in 2007/2008.
- Ina theannta sin, cuireann an Oifig Rochtana comhairle ar mhic léinn maidir le saincheisteanna cúram leanaí, filleadh ar an oideachas mar fhoghlaimeoir fásta, mar theifeach etc.

- Léirítear i bPlean Gníomhaíochta 2008-2013 ón Oifig Náisiúnta Rochtana (HEA) an gá le gníomhaíocht agus infheistíocht ar fud an chórais oideachais. Faoi réir cheadú an Aire Oideachais agus Eolaíochta, cuirfidh an Oifig Náisiúnta Rochtana an plean chun feidhme i bhfómhair 2008. Sa chomhthéacs seo, d'iarr an HEA ar phleananna rochtana trí bliana ón uile institiúid tríú leibhéal ina dtugtar breac-chuntas ar ghluaiseacht i dtreoanna nua, cuntas a ghlacadh ar na dúshláin nua, gluaiseacht thar chomhlíonadh agus le fís níos sofaisticiúla a fhorbairt i leith comhionannais agus éagsúlachta. Cuirfidh seo deis fhíor ar fáil chun an tábhacht lena mbaineann bainistíocht éagsúlachta a thabhairt chun solais laistigh d'IADT agus lena shainaithint conas is fearr cur chuige comhionannais phríomhshruthaithe a chur san áireamh.
- Thionóil Grúpa Oibre Rochtana IADT 6 huaire le linn na bliana agus rinne siad breithniú ar réimse saincheisteanna lenar bhain soláthar rochtana do mhic léinn.
- Lean tógáil nasc le scoileanna áitiúla agus chláraigh 27 mac léinn ó sheacht scoil naisc áitiúil in 2007/2008.
- Ceadaíodh ciste cuntas díomhaoin €3 milliún don earnáil IoT le haghaidh tionscnamh a chuirfidh le hobair eile rochtana faoina bhfuiltear ag tabhairt faoi láthair. Sainaithneofar tionscadail d'IADT agus cuirfear iad ar aghaidh le haghaidh cistiú chuig an scéim seo.
- Lean an Oifig Rochtana le naisc a thógáil le grúpaí pobail áitiúil, lenar áiríodh Comhpháirtíochtaí Dheisceart Bhaile Átha Cliath agus Cheantar Bhré, an Oifig um Oideachas Daoine Fásta – VEC Dhún Laoghaire, Seirbhísí Carmona, an tAonad Cuimsithe Shóisialta, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, "an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas", Seirbhís Treorach Oideachais do Dhaoine Fásta Dhún Laoghaire.
- Ghlac mic léinn ó scoileanna áitiúla DEIS (Clár Comhionannais Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh), lenar áiríodh scoileanna dara leibhéal – Pobalscoil Bhaile an tSaoir, Pobalscoil Chabán tSíle, Pobalscoil an Linbh Naofa, an Naigín, Pobalscoil Naomh Tiarnáin, Coláiste Naomh Labhrás agus Pobalscoil Naomh Tomás, Bré agus Pobalscoil Naomh Cillian, Bré páirt sna cláir a leanas a cuireadh ar fáil ar an gcampas le linn 2007/2008:
  - Lá Blaiste an Ghnó agus na nDaonnachtaí (Gnó, Dráma, na Scannáin)
  - Lá Blaiste na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (Na hIlmheáin, an tSíceolaíocht)
  - Seachtain Fiontair an Ghnó agus na nDaonnachtaí
  - Chuir an Oifig Rochtana cistiú ar fáil do bheirt mhac léinn ó scoil áitiúil DEIS páirt a ghlacadh i Scoil Samhraidh 2008 IADT.
- Níos sine ná 23 bliain a bhí 17% de lucht cláraithe na chéad bhliana in 2007/2008.
- B'ionann an Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumais agus €188,890 in 2007/2008. Amhail a leanas atá an miondealú d'iarratasóirí ar thacaíocht tríd an gciste seo:

16 iarratasóir céaduaire	€ 67,010
14 iarratasóir dhéanacha	€ 53,480
36 iarratasóir athnuachana (2ra-4ú bliain)	€ 68,400
IOMLÁN	€188,890

Teicneolaíocht Chúnta:

- Thacaigh an tseirbhís Teicneolaíochta Cúnta le breis agus 100 mac léinn in 2007/2008, agus leas á bhaint as réimse teicneolaíochtaí, lenar áiríodh ríomhairí glúine agus bogearraí tiomanta Teicneolaíochta Cúnta.
- I measc na sraithe de Theicneolaíochtaí Cúnta a úsáidtear de ghnáth tá an méid a leanas:
  - Crua-earraí – Ríomhairí glúine, Foclóir agus stórchiste leictreonach, Scanóirí chun téacs a choigeartú ina théacs leictreonach agus Deachtafóin
  - Bogearraí – Read and Write Gold 8 (bogearra cúnta litearthachta), Dragonspeak (bogearra deachtaithe guth chuig téacs), Inspirations nó Mindmanager (bogearra mapála aigne) agus úsáideadh MS Word lena chuid gnéithe rochtana.
- Cuireadh oiliúint ar fáil in úsáid teicneolaíochta cúnta – lenar áiríodh seimineáir oiliúna – do mhic léinn. I measc na seimineár oiliúna a cuireadh ar fáil bhí Read and Write Gold agus Dragon Naturally Speaking, agus d'fheastail slua mhór orthu.

Seirbhís Comhairleoireachta: Tuarascáil Bhliantúil:

- Chuaigh thart ar 10% de líon cláraithe na mac léinn i dteagmháil leis an tseirbhís comhairleoireachta go díreach i dtaca le ceapachán tosaigh agus uaidh seo, bhain 8% leas as seirbhís comhairleoireachta na mac léinn.
- Ghlac 120 mac léinn le conradh síciteiripeach – méadú réidh ar líon na n-atreoruithe mic léinn. Ba 4-8 seisiún meánfhad an chonartha.
- Rinneadh 592 comhairleoireacht dhíreach mhic léinn a thairiscint le linn an téarma acadúil a mhair idir 30 nóiméad agus 2 uair an chloig.

Seirbhís Altranais: Tuarascáil Bhliantúil:

- Tá Ionad Sláinte na Mac Léinn ar an bhfód i mbun oibriú don 9ú bliain, agus cúram leighis agus altranais ar an gcampas á chur ar fáil do mhic léinn chláraithe IADT.
- Cuireadh 2,966 comhairleoireacht ar an iomlán ar fáil do mhic léinn le linn bhliain acadúil 2007/2008. B'othair fhireanna iad 811 agus b'othair bhaineanna iad 2,155 de na comhairleoireachtaí othair.
- I measc na limistéar lenar bhain tábhacht do na mic léinn bhí pleanáil clainne, scagadh sláinte ghnéis, diagnóis dúlagair agus saincheisteanna eile síceolaíochta mar aon le vacsaíniú taistil/slainte.

Seirbhís Scríbhneoireachta agus Taighde: Tuarascáil Bhliantúil:

Léiríonn soláthar an WRSS feasacht na hInstitiúide ar an éagsúlú ar a bhfuil borradh ag teacht de riachtanais i measc na mac léinn agus ar a mbeartas cuimsithe dá gcuid mic léinn uile, lena n-áirítear mic léinn ag a bhfuil Deacracht Shonrach Foghlama (SpLD) agus na hoibleagáidí reachtúla le freastal ar riachtanais agus ar theidlíochtaí mic léinn. Oibríonn an tSeirbhís ar líon leibhéal ar fud na

hInstitiúide le réimse cuimsitheach a chur ar fáil de thacaíochtaí do mhic léinn, lena n-áirítear soláthar Measúnuithe Riachtanais, tacaíodh le hiarratais ar chistithe, socruithe do Chóiríochtaí Scrúduithe, dul i dteagmháil le cinn roinne, comhordaitheoirí cúrsa agus léachtóirí atá freagrach as deacrachtaí mic léinn.

- Is iad cuspóirí na Seirbhíse cabhair a thabhairt do mhic léinn a lánchumas a bhaint amach, éileamh ar acmhainní foirne a laghdú agus lena chinntiú go mbaintear amach caighdeáin riachtanais chúrsa.
- Rinneadh soláthar seirbhíse na Seirbhíse mar aon leis an soláthar foirne speisialaithe a fhairsingiú i mbliana, chomh maith le líon agus le réimse na seimineár a fhairsingiú agus breis forbartha a dhéanamh ar chlár oiliúna agus ar acmhainní d'oiliúint agus d'earcú foirne speisialaithe.
- I measc na seiminéar a tairiscíodh bhí seimineáir maidir le glacadh nótaí, teicníochtaí léimh, scríobh aistí, tagairt de stíl acadúil, scileanna taighde, bainistíocht ama, pleanáil tráchtais, socrú spriocanna, spriocdhátaí, teicníochtaí scrúdaithe, scileanna um chur i láthair agus seimineáir chlárshonracha.
- Méadaíodh feasacht ar na seirbhísí Scríbhneoireachta agus Taighde trí chur chun cinn méadaithe, go háirithe le linn na seachtaine ionduchtúchain do mhic léinn nua den chéad bhliain a bhí ag teacht chun an champais den chéad uair.
- Sa mhullach ar thacaíocht speisialta, cuireann an WRSS seirbhís sciata ar atreorú ón bhfoireann ar fáil d'fhonn soiléiriú céard a d'fhéadfadh bheith i gceist le deacrachtaí mac léinn. Teastaíonn measúnú iomlán ag síceolaí oideachasúil go fóill chun diagnóis chríochnaitheach Disléicse/SpLD a thabhairt.
- Oibríonn an tSeirbhís go dlúth leis an Oifigeach Rochtana agus cinntíonn siad, i dteannta a chéile, go gcuirtear i ngníomh an uile chistiú agus tacaíocht ó Chistiú Seachtrach agus ó Chiste ESF na hOifige Náisiúnta Rochtana.
- Coimeádann an WRSS teagmháil idir gníomhaireachtaí seachtracha ar nós Rochtana ar Ardoideachas agus ar Dhaoine faoi Mhíchumais, an Oifig Náisiúnta Rochtana agus Cumann Disléicse na hÉireann.
- Chláraigh 76 mac léinn ag a raibh deacrachtaí sonracha foghlama leis an WRSS in 2007/2008.

Seirbhís um Chomhairle Gairmeacha: Tuarascáil Bhliantúil:

- I measc obair na Seirbhíse um Chomhairle Gairmeacha tá cruinnithe duine ar dhuine le mic léinn, fiosrúcháin mhic léinn, cuairteanna ar sheomraí ranga agus cur i láthair gairmeacha. Is éard a chuireann an Clár um Oideachas Gairmeacha ar fáil cur i láthair i rith am lóin agus cainteoirí ar cuairt, teagmháil le fostóirí, lena n-áirítear mic léinn agus céimithe a chur ar an eolas faoi dheiseanna poist, Aonaigh Ghairmeacha do Chéimithe, forbairt bunachair shonraí le teagmháil idir céimithe agus fostóirí a éascú, Suirbhéanna faoi Spriocanna Céimithe.
- Tháinig laghdú ar choinní comhairleoireachta gairmeacha duine ar dhuine nach mór faoi 5% chuig 166 don bhliain, inar cumhdaíodh limistéir ar nós cuardach poist, CVanna, iarratas agus agallamh.
- Fuarthas 120 fiosrúchán ríomhphoist le linn na bliana – tá líon méadaitheach fiosrúchán á fhreagairt tríd an nguthán agus trí sheirbhísí fiosrúcháin ríomhphoist.

- Lean próifíl na Seirbhíse um Chomhairle Gairmeacha á ardú laistigh den Institiúid trí chur chun cinn na seirbhíse do mhic léinn trí láithreáin ghréasáin Chúram Mhic Léinn agus Aontas na Mac Léinn, cláir fógraí, Nuachtlitreacha agus Bunachar Sonraí na gCéimithe.
- Tairiscíonn an Clár um Oideachas Gairmeacha meascán de léachtanna i rith am lóin agus cur i láthair díreach do ghrúpaí ranga.
- Lean forbairt á déanamh ar an mbunachar sonraí Céimí agus Fostóra atá faoi stiúir na Seirbhíse um Chomhairle Gairmeacha le cumarsáid leanúnach a éascú le céimithe agus le fostóirí – cuireadh 60 fostóir féideartha sa bhreis leis an mbunachar sonraí.
- Tugadh faoin dara Suirbhé bliantúil ar Chinn Scríbe na gCéimithe de chohórt céimithe 2007 agus rinneadh 72% díobh an suirbhé a chomhlánú.
- Socraíodh líon cur i láthair gearr le léachtóirí aonair do Ranganna Bhliain an Bhronnta agus díríodh lena linn ar ábhair lenar áiríodh Pleanáil Gairmeacha sa bhliain deiridh, taighde agus roghanna Iarchéime agus Acmhainní Gairmeacha agus tacaíocht tar éis an Institiúid a fhágáil – príomhláithreáin ghréasáin agus foinsí d'fhaisnéis ar fhostaíocht agus cuireadh a thabhairt do mhic léinn céime síneáil le Bunachar Sonraí na Seirbhíse Gairmeacha le fógraíocht leanúnach de dheiseanna poist a éascú de réir mar a eascraíonn siad.

3.7.2 Aontas na Mac Léinn

Bunaíodh Aontas na Mac Léinn i Samhain 1998 ag an Institiúid le hionadaíocht a dhéanamh do leas mic léinn agus iad i mbun a gcuid cúraimí le húdaráis na hInstitiúide, agus le beatha shóisialta agus chultúrtha na mac léinn a bhreisiú ar an gcampas. Tá Aontas na Mac Léinn cleamhnaithe leis an USI. Ba iad Adam Harrington agus an tUas. Claire Weir, faoi seach, an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán do bhliain acadúil 2007/2008.

4. Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha

4.1 Gníomhaíochtaí Forbraíochta

4.1.1 Forbairtí Ginearálta

Plean Straitéiseach IADT 2008-2012 – Leagadh an cúram ar Jane Williams de Ghrúpa Sia leis an bpróiseas seo a éascú lena raibh comhairleoireacht chuimsitheach i gceist le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon. Cheadaigh Comhlacht Rialaithe IADT 'Todhchaí a Chruthú', straitéis na hInstitiúide don tréimhse 2008-2012 an 6 Feabhra 2008. Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, an straitéis an 21 Aibreán 2008. Cuimsíodh sa phlean gníomhaíochtaí nua mar aon leis an réimse iomlán de ghníomhaíochtaí ó lá go lá a bhíonn ar siúl laistigh den Institiúid a chorprú.

Ciste Nuálaíocht Straitéisí – Le linn bhliain acadúil 2006/2007, ghlac IADT páirt in dhá aighneacht ar Chúrsa 2 den Chiste Nuálaíochta Straitéisí. Tionscadal Earnála dar teideal 'Dul i nGleic le Riachtanais an Gheilleagair Eolais' ('Addressing the Needs of the Knowledge Economy') agus 'Comhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Claith' iad na tionscadail. Rinneadh an dá iarratas a chistiú.

An Taisclann Náisiúnta Foghlama Digití (NDLR) – Seirbhís faoi chistiú an HEA is ea an NDLR idir Ollscoileanna na hÉireann agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta le tacú le comhoibriú agus le comhroinnt na n-acmhainní foghlama agus teagaisc. Tá IADT ina rannpháirtí gníomhach sa tionscnamh seo, trí Deirdre Judge, atá ina cathaoirleach ar Bhord an NDLR. Is í sprioc sheirbhís an NDLR taisclann d'acmhainní digitithe foghlama a chruthú ar féidir í a roinnt leis an uile institiúid ardoideachais. Pobal ar líne atá saor in aisce agus oscailte d'acmhainní a dearadh go príomha do dhámh an ardoideachais in Éirinn lena gcuid ábhair foghlama a roinnt is ea an NDLR. Ba thionscadal a tugadh chun críche faoi na Tionscadail Nuálaíochta Samhraidh an chéad fhiontar faoinar thug IADT a chuir leis an NDLR. Rinneadh tionscadal 'Litearthacht Faisnéise' a sheachadadh tar éis comhoibriú le DIT. Ba DIT an té a chruthaigh an t-ábhar, agus chuir foireann IADT an dearadh graificí agus an bheochan leis na hábhair dheiridh.

4.1.2 Tionscadail

ENGAGE – Rinneadh comhpháirtí in ENGAGE den Scoil Náisiúnta Scannán in 2008. Tionscadal comhoibritheach is ea ENAGAGE atá faoi chistiú Chlár Meán an AE. Tá ENGAGE deartha le cabhrú le mic léinn agus le céimithe Scannán/Teilifíse comhoibriú ar fud an uile chríche. Roghnaigh an NFS, Acadamh Scáileáin na hAlban ('Screen Academy Scotland') (ag Ollscoil Napier i nDún Éideann) agus Scoil Scannán agus Meán Bailtise ('Baltic Film & Media School') ó Tallinn na hEastóine seisear rannpháirtithe ó gach ceann dá n-institiúidí, chomh maith le seisear ó áiteanna eile san Eoraip le freastal ar thrí cheardlann. Thit an chéad cheann de na ceardlanna seo amach in IADT Dé hAoine an 11 Aibreán 2008.

Comhdháil na Foghlama Móibílí ('m-Learning') – Bhí IADT mar óstach don chomhdháil 'Taking Learning Mobile' an 7 Meán Fómhair a d'eagraigh Ericsson mar phríomhghníomhaíocht de thionscadal Foghlama Móibílí faoi chistiú an AE faoi Chlár Leonardo. Rinneadh plé sa chomhdháil ar na hacmhainní, teicneolaíochtaí agus ar na dúshláin atá roimh ionchorprú na foghlama móibílí isteach in oideachas agus in oiliúint phríomhshrutha. Comhpháirtí atá in IADT i dtionscadal na Foghlama Móibílí, arb é soláthar oideachais agus oiliúna ar PDAanna (Cúntóirí Digiteacha Pearsanta)/ríomhairí boise, gutháin chliste agus gutháin phóca.

Erasmus

Le linn bhliain acadúil 2007/2008, chuir IADT isteach ar dheontas €4,960 agus d'éirigh leo é a fháil faoi Chlár na hEorpa um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (LLP) – ERASMUS do 4 áit shoghluaiseacht mhúinteoirí. Úsáideadh an cistiú seo chun cabhrú le forbairt caidrimh idir an fhoireann le hollscoileanna agus sainaithníodh coláistí mar chomhpháirtithe féideartha do mhalartuithe mic léinn Erasmus.

CAVE

Fuair IADT cistiú bonneagair um Thaighde agus Forbairt €560,000 i Lúnasa 2008 ó Fhiontar Éireann chun córas a fhorbairt. Déanann an Córas, CAVE (Timpeallacht Uathoibrithe Fíorúil) úsáideoirí a thumadh i bhfuaimeanna timpeallacha sonacha agus i dtimpeallachtaí grafaiceacha a dhéantar a theiligean ar cheithre bhalla. Ina theannta sin, úsáideanna sé córas gan sreang um rianú gluaiseachta le tacú le taighde i gcibearshíceolaíocht agus i staidéar cognaíoch, amharcléiriú agus idirghníomhú fíorama, grafaicí agus fréamhshamhlacha idirghníomhacha ardchaighdeáin d'earnálacha nideoige ar nós na pleanála agus na n-amharcealaíon. Cuireann CAVE ardán ar fáil do chomhoibriú le coláistí agus le tionscail eile le tionscadail thumthacha um thimpeallacht fhíorúil a fhorbairt.

4.2 Naisc Sheachtracha Forbartha

Comhdháil an NFS – Bhí an chéad chomhdháil den NFS ar siúl an 1 agus an 2 Samhain 2007. Is éard a bhí i gceist leis an gcomhdháil dar teideal 'Cláir Faisnéise san 21ú hAois' ('Documentary in the 21st Century'), sraith plé painéil agus óráidí príomhnóta, mar aon le cur ar scáileán agus cuireadh fóram ar fáil do dhíospóireacht idirghníomhach ó pheirspictíochtaí fairsinge ar chláir faisnéise sa 21ú hAois. Ba é an tOllamh Brian Winston (Ollscoil Lincoln) an t-urlabhraí príomhnóta agus áiríodh leis na painéil saineolaithe ar nós an Ollaimh Kevin Rockett (TCD), an Dr Harvey O'Brien (UCD), an tOllamh Desmond Bell (Ollscoil na Banríona), Clare Duignan (RTÉ) agus Neil Leyden (Fóram na Meán Digiteach).

Fóram na hÁise-na hEopra do Ghrianghrafadóirí Óga 2007 – Sheol an tAire Dick Roche an 'Oíche Ghrianghrafadóireachta' ('Night of Photography') mar thaispeántas de shaothair fiche grianghrafadóir (ó dheich dtír den Áise agus ó dheich dtír den Eoraip) an 24 Samhain 2007. Eagraíodh an ócáid i gcomhar le Fondúireacht na hÁise-na hEorpa ('Asia-Europe Foundation'), Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Dánlann Ealaíne Sirius.

Mórshiúl Chingay – Thaistil fiche a ceathair mac léinn BA i nDéanamh Samhlacha, mar aon le mac léinn amháin ón BA (Onóracha) i mBainistíocht Ealaíon go dtí Singeapór le páirt a ghlacadh i Mórshiúl Chingay 2008 i bhFeabhra 2008. Bhí an rannpháirtíocht seo i gcomhar le mic léinn ó Ollscoil Pholaiteicnic Temasek. Fuarthas deontas €32,000 ó Culture Ireland mar thacaíocht don tionscadal seo.

Cuairt ar Lesotho – Thug an Dr Marian O'Sullivan (Ceann na Roinne) agus Ciarán McCormack (Bainisteoir Cruthaitheach FÍS) cuairt thaiscéalaíoch ar Lesotho i bhFeabhra 2008 d'fhonn taighde a dhéanamh ar bhealaí inar féidir le IADT agus FÍS tacú leis an gcóras oideachais ansin. Tugadh an chuairt i gcomhar le hIonad Oideachais na Carraige Duibhe agus thacaigh Rialtas Lesotho agus na hÉireann araon leis an gcuairt.

Tionscadal FÍS

Bhí an tionscadal seo faoi chistiú AIB agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i dtosach báire, agus is é an cuspóir a bhí aige tabhairt isteach scannán agus déanamh scannán sa churaclam i mbunscoileanna – agus leas á bhaint as teicníochtaí fístéipe digití agus eagarthóireachta digití i measc múinteoirí agus daltaí i mbunscoileanna. Samhail chomhoibrithe atá sa tionscadal seo ina bhfuil baint ag Ionad Oideachais na Carraige Duibhe agus an líonra náisiúnta d'Ionaid Oideachais, an NCTE, an NCCA, an IFI agus an Mol Digiteach.

Féile FÍS

Thit an tríú féile de chuid Fhéile Scannán FÍS amach i Samhain 2007. Ceiliúradh atá san fhéile ar chruthaitheacht agus ar shamhlaíocht pháistí agus mhúinteoirí i Scoileanna na hÉireann. Cruthaíonn scoileanna ar fud na hÉireann gearrscannáin ó bheochan, chláir faisnéise agus ó dhrámaí oideachasúla san imeacht bliantúil. Tugtar cuireadh do líon scoileanna ansin teacht chuig Féile FÍS – Searmanas Bronnta Gradam Scannán Scoileanna na hÉireann.

Club Leabhar FÍS

Comhoibriú idir scoileanna in Éirinn agus ceantair iloideachais sa RA is ea Club Leabhar FÍS, a spreagann páistí le hathbhreithniú leabhar fístéipe a chruthú bunaithe ar a gcuid léitheoireacht neamhspleách. Déanann an leabhar fístéipe a bhailítear tuairisc ó chatalóg ar líne dhigiteach athbhreithnithe atá faoi chosaint phasfhocail agus atá oiriúnach agus sábháilte do leanaí, atá inrochtana do scoileanna ag a bhfuil páirt á glacadh amháin. www.fisbookclub.ie

4.3 Forbairt an Champais

Bliain Acadúil 2007-2008

METNS

Shínigh IADT agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Meabhrán Tuisceana i Márta 2006 a chuir suíomh dhá acra ar fáil chun foirgneamh bunscoile a thógáil do Scoil Náisiúnta 'Educate Together' i mBaile na Manach. Mar chúiteamh ar an suíomh seo, thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi oibreacha bonneagracha ar champas IADT, agus chuir siad faiche imeartha uile aimsire ar fáil. Thug Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cead pleanála don Roinn Oideachais agus Eolaíochta don tionscadal seo in Eanáir 2007.

Ciúb na Meán

D'oscail an tAire Mícheál Martin, an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Ciúb na Meán an 28 Márta 2007. Cheadaigh an Comhlacht Rialaithe na chéad 12 chuideachta leis an gciúb a áitiú an 4 Aibreán 2007. Faoi Eanáir 2008, baineadh áitíocht 100% amach agus i bhFeabhra 2008, seoladh an láithreán gréasáin oifigiúil, a chuireann sonraí ar fáil faoi na cuideachtaí ag a bhfuil spásanna á n-áitiú sa Chiúb. Bhí an tAire Éamon Ryan mar uachtarán ag an imeacht le bliain amháin feidhme an Chiúib a cheiliúradh an 28 Márta.

An Scoil Náisiúnta Scannán

Chuir an Coiste Forbartha don Scoil Náisiúnta Scannán (NFS) tús le feachtas bailithe cistí i Márta 2007 agus bailíodh €135,920 ar an iomlán. Rachaidh an cistiú seo i dtreo an chostais chun trealamh ar chur ar fáil i bhfoirgneamh nua an NFS, nuair a chuirfear i gcrích é. Seoladh clár forbartha NFS IADT an 12 Bealtaine 2008, lenar áiríodh ceiliúradh de lucht urraithe an fhorais. Áirítear le Grúpa Forbartha an NFS baill sheachtracha, James Morris [TV3/Windmill Lane, Cathaoirleach Bhord Scannán na hÉireann], Clare Duignan [RTÉ], James Hickey [Matheson Ormsby Prentice], Joan Egan [Tyrone Productions] agus Morgan O'Sullivan [World2000].

Tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP)

Cuireadh iarratas imlíneach pleanála faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin in Iúil 2008 maidir le Foirgneamh Theagasc na Meán Digiteach,
leis an Halla Spóirt agus le Ceardlanna.

4.4 Bainistíocht Sábháilteachta agus Seirbhísí

4.4.1 Sábháilteacht

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach don Fhoireann Bhainistíochta Feidhmeannaí ar an uile ghné de shábháilteacht, sláinte agus leas, maidir le foireann, mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí. Rinneadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí agus ar bhallraíocht an Choiste Sláinte agus Sábháilteachta i Meán Fómhair 2006. Rinneadh seisear ball foirne, mac léinn amháin agus ball amháin foirne seachtraí a ainmniú, bunaithe ar a dtaithí. Thit chéad cruinniú an Choiste nua amach an 15 Meitheamh 2007. D'fhreastail baill den Choiste ar chúrsa oiliúna lá amháin an 14 Meán Fómhair a chuir NIFAST ar fáil ar ábhair ar nós reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus cruthú feidhmiú Coiste Sláinte agus Sábháilteachta. Dá éis sin, d'fhreastail baill d'Fhoireann Bhainistíochta na hInstitiúide ar chruinniú faisnéise leathlae ar shláinte agus sábháilteacht an 28 Eanáir 2008. Rinne comhairleoir ó NIFAST athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta na hInstitiúide i Nollaig 2007 agus d'eisigh an comhairleoir tuarascáil ar mholtaí i bhFeabhra 2008.

5. Pearsanra

5.1 Líonta Foirne

Bunaítear na meánfhigiúirí ar ríomhanna Coibhéise Lánaimseartha.

	2007/08
Acadúil	126
Taighde	1
Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	53
Seirbhísí na Mac Léinn	6
Tacaíocht Theicniúil	14
Tacaíocht Neamhtheicniúil	14
Iomlán	214

5.2 Éachtaí na Foirne

5.2.1 Scoil na nEalaíon Cruthaitheach

Thaispeáin na baill foirne a leanas a gcuid saothar le linn bhliain acadúil 2007/2008:

Thelma Chambers, an Dr Anne Burke, David Quinn, Cora Cummins, Tim Lloyd, Saoirse Higgins, Lynda Devenney, Mark Joyce, Clodagh Emoe, Kathleen Moroney agus Mary Avril Gillan

Rinne na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha/seimineáir le linn bhliain acadúil 2007/2008:

Sheera Murphy
- Comhdháil Taighde Iarchéime ('Postgraduate Research Conference'), UCD

An Dr Linda King
- An Chomhdháil 'Come Back to Erin', Ollscoil na hÉireann, Caisleán an Bharraigh
- Seimineár Iarchéime, DCU

Anna Colford
- An Siompóisiam Idirnáisiúnta 'Breaking Ground', Ionad Cathartha Bhaile Munna

Hilary Kenna
- Siompóisiam Taighde RNUAL, Central St. Martins, Londain

Bhí foilseacháin le linn bhliain acadúil 2007/2008 ag na baill foirne a leanas:

Sherra Murphy, an Dr Anne Burke, an Dr Linda King, Sorcha O'Brien, David Smith

Bhí baint ag na baill foirne a leanas i léiriúchán/dearadh feisteas sna léiriúcháin éagsúla:

Barry Dignam ("Monged", "Breaking Rocks" agus "Enough"), Eleanor Wood ("A Film With Me In It") agus Eimer Ní Mhaoldomhnaigh ("Ondine").

Bhuaigh Thomas Kennedy Gradam an Ghearrscannáin is Fearr de chuid UNICEF (Meán Fómhair 2007)

Bronnadh an Gradam Óir, Airgid agus Cré Umha ar David Smith do Dhearadh Grafaicí ag Searmanas Bliantúil Bronnta Gradam Institiúid na Fógraíochta agus an Deartha Chruthaithigh (Samhain 2007).

Bronnadh gradam Chomhairle Taighde na hÉireann ar an Dr Justin Carville do Chomhaltacht Taighde na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS). Do thionscadal dar teideal 'Photography, Ethnography and the Antiquarian Imagination: The Visual Economy of Irish Identity' a bhí an gradam (Meitheamh 2008)

Bronnadh cistiú ar David Quinn faoin scéim 'Frameworks' don ghearrscannán beochana dar teideal 'T'was a Terrible Hard Work', a scríobh agus a stiúraigh sé (Meitheamh 2008)

5.2.2 Scoil an Ghnó agus na nDaonnachtaí

Rinne na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha le linn bhliain acadúil 2007/2008:

Therese Moylan
- Imeachtaí Chomhdháil WUN, Chicago, SAM
- Comhdháil WUN, an tSín
- Comhdháil Chumann Uile Éireann don Ardoideachas (AISHE), OÉ, Má Nuad

Audrey Stenson
- 12ú Comhdháil Bhlianúil ar Stíleanna Foghlama agus ar Líonra Faisnéise na hEorpa (ELSIN), Baile Átha Cliath.
- 13ú Comhdháil Bhlianúil ar Stíleanna Foghlama agus ar Líonra Faisnéise na hEorpa (ELSIN), Ghent na Beilge.

Barry McIntyre
- Comhdháil EdTech, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- Comhdháil Chumann Uile Éireann don Ardoideachas (AISHE), OÉ, Má Nuad

Conor Heagney
- Comhdháil Chumann Uile Éireann don Ardoideachas (AISHE), OÉ, Má Nuad
- Comhdháil EdTech, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- Comhdháil ELSIN, an Bheilg

Cormac Deane
- Comhdháil Bhliantúil an Chumainn Taighde i Insint Mhóréilimh ('Association for Research in Popular Narrative Annual Conference'), Ollscoil John Moore, Leabharpholl

An Dr Diog O'Connell
- Colloque Idirnáisiúnta, Ollscoil Limoges, an Fhrainc

Sarah Balen
- Comhdháil Idirnáisiúnta Iarchéime an NCFIS, Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta
- Comhdháil an IASIL, an Phortaingéil
- Comhdháil an AFIS, an Fhrainc

Catherine Rossiter
- Comhdháil Acadamh Bainistíochta na hÉireann, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Bhí foilseacháin le linn bhliain acadúil 2007/2008 ag na baill foirne a leanas:

An Dr Josephine Browne, an Dr Paula Gilligan, Therese Moylan, an Dr Carol MacKeogh, Maria Parsons, Selina Guinness, Conor Heagney, Cormac Deane, an Dr Diog O'Connell, an Dr Barbara Hughes, Barry McIntyre, Audrey Stenson, Michael Murphy

5.2.3 Scoil na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Rinne na baill foirne a leanas cur i láthair ag comhdhálacha le linn bhliain acadúil 2007/2008:

Andrew Power
- Comhdháil Taighde Ghinearálta Ar Líne ('General Online Research Conference'), Hamburg na Gearmáine
- Comhdháil Fhoghlaim agus Theagasc na Síceolaíochta ('Psychology Learning & Teaching Conference ') (PLAT), Bath, an RA

Marion Palmer
- Comhdháil Bhliantúil Chumann Taighde Oidheachasúil na Breataine ('British Educational Research Association Annual Conference'), Londain
- Comhdháil PLAT, Bath, an RA

Hannah Barton
- Comhdháil EdTech, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- An Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Theagasc sa tSíceolaíocht, Cathair Pheadair na Rúise
- An Tríú Comhdháil Eorpach ar Shíceolaíocht Dhearfach ('Third European Conference on Positive Psychology'), an Chróit
- Comhdháil Fhoghlaim agus Theagasc na Síceolaíochta ('Psychology Learning & Teaching Conference ') (PLAT), Bath, an RA

An Dr Christine Horn
- Comhdháil PLAT, Bath, an RA
- An Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Theagasc sa tSíceolaíocht, Cathair Pheadair na Rúise
- Comhdháil EdTech, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

An Olivia Hurley
- Comhdháil PLAT, Bath, an RA

An Dr Gráinne Kirwan
- Comhdháil Taighde Ghinearálta Ar Líne ('General Online Research Conference'), Hamburg na Gearmáine
- Comhdháil PLAT, Bath, an RA
- Comhdháil Teicneolaíocht Ghréasáin na hÉireann ('Irish Web Technology Conference') (IWTC), Baile Átha Cliath

Tim McNichols
- An 18ú Comhdháil Eorpach ar Chórais Faisnéise ('18th European Conference in Information Systems'), Gaillimh

An Dr Nicola Porter
- Comhdháil PLAT, Bath, an RA
- An 30ú Comhdháil Bhliantúil d'Institiúid Náisiúnta um Theagasc na Síceolaíochta ('30th Annual National Institute of the Teaching of Psychology Conference'), St. Pete Beach, Florida
- Comhdháil HCI na Breataine, Lancaster, an RA

Bhí foilseacháin le linn bhliain acadúil 2007/2008 ag na baill foirne a leanas:

Andrew Power, Marion Palmer, an Dr Olivia Hurley, Tim McNichols, Andrew Errity, an Dr Christine Horn

6. Tuarascáil Airgeadais

6.1 Tuarascáil Airgeadais 2007/2008

Cheadaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta gan aon cháiliú an 15 Nollaig 2009.

Leagtar amach leagan giorraithe de na ráitis airgeadais in Aguisín A.I.

7. Comhionannas Deiseanna

Fostóir Comhionannas deiseanna agus soláthróir oideachais is ea Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann siad idirdhealú in aon leith i gcoinne foirne ná mic léinn ar bhonn inscne, dath craicinn, cineáil, reiligiúin, stádas pósta ná éagumas fisiciúil. Tá siad tiomanta do bhaic ar an oideachas a bhaint agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach le deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach.

Aguisín A.I

Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2007/2008

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	don Bhliain dar críoch An 31 Lúnasa 2008 €	don Bhliain dar críoch An 31 Lúnasa 2007 €
IONCAM		
Deontas Stáit	10,864,132	10,219,621
Scaoileadh ón gCuntas Caipitil	1,552,212	1,465,145
Táillí Teagaisc	3,948,248	3,746,723
Muirir um Chlárú Mic Léinn	1,284,105	1,227,390
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	562,114	491,642
Ioncam ó Ús	173,489	138,047
Ioncam eile	1,749,439	1,332,591
	20,133,740	18,621,159
CAITEACHAS		
Ranna Acadúla	9,553,881	8,656,669
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	544,983	538,415
Áitreabh	1,839,102	1,760,925
Riarachán Lárnach agus Seirbhísí ICT	4,516,384	4,216,901
Costais Ghinearálta Oideachasúla	372,340	290,088
Áiseanna agus Fóntais na Mac Léinn	789,243	744,968
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	400,733	520,394
Dímheas	1,552,213	1,465,145
Caiteachas Eile	185,107	161,758
	(19,753,986)	(18,355,263)
BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN	379,754	265,896
ARNA LEITHDHÁILEADH DO CHÚLCHISTE SRIANTA	(200,060)	(179,762)
BARRACHAS CARNTHA AMHAIL AN 1 MEÁN FÓMHAIR	3,286,434	3,200,300
BARRACHAS CARNTHA AMHAIL AN 31 LÚNASA	3,466,128	3,286,434

Ní ann d'aon ghnóthacain ná caillteanais aitheanta seachas iad sin lena ndéileáltar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Arna shíniú ar son an Chomhlacta Rialaithe:

David Harvey: Cathaoirleach

Jim Devine Stiúrthóir

Clár Comhardaithe (Ráitis Airgeadais 2007/2008)

	2008 €	2007 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sóchmhainní Inláimhsithe	34,782,303	34,586,043
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	1,941,532	1,992,290
Airgead sa bhanc agus de láimh	3,984,006	3,612,672
	5,925,538	5,604,962
CREIDIÚNAITHE		
Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	(1,305,034)	(1,364,212)
SÓCMHAINNÍ REATHA	4,620,504	4,240,750
GLANSÓCMHAINNÍ	39,402,807	38,826,793
ARNA LÉIRIÚ AG:		
CUNTAS CAIPITIL	34,782,303	34,586,043
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	3,466,128	3,286,434
CÚLCHISTE SRIANTA	1,154,376	954,316
	39,402,807	38,826,793

Arna shíniú ar son an Chomhlacta Rialaithe:

David Harvey: **Cathaoirleach**

Jim Devine **Stiúrthóir**

Dun Laoghaire Institute of Art, Design & Technology

Ráiteas um Shreabhadh Airgid (Ráitis Airgeadais 2007/2008)

	don Bhliain dar críoch An 31 Lúnasa 2008	don Bhliain dar críoch An 31 Lúnasa 2007
Réiteach an bharrachais oibriúcháin chuig glaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**€**	**€**
Barrachas Oibriúcháin	379,754	265,896
Ioncam ó Ús	(173,489)	(138,047)
Dímheas	1,552,213	1,465,145
Amúchadh ar aon dul le Dímheas	(1,552,213)	(1,465,145)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	50,758	215,362
Laghdú/(Méadú) ar Chreidiúnaithe	(59,178)	6,957
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	197,845	350,168
AN RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID		
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	197,845	350,168
Torthaí ar infheistíocht agus ar sheirbhísiú airgeadais		
Ioncam ó Ús	173,489	138,047
Caiteachas Caipitil		
Íocaíocht le Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil	(1,754,077)	(3,405,114)
Glan-eis-sreabhadh Airgid le haghaidh Caiteachas Caipitil	(1,754,077)	(3,405,114)
Maoiniú Caipitil		
Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil agus do Mhionoibreacha	146,862	59,814
Arna leithdháileadh ón Deontas Stáit le haghaidh Caiteachas Athfhillteach	1,578,198	1,493,395
Deontais Eile	0	2,539,476
Arna leithdháileadh ó Ioncam ón Muirear um Chlárú Mic Léinn	14,842	0
Arna leithdháileadh ó Ioncam Tionscadal	14,175	3,481
Glan-insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú	1,754,077	4,096,166
Méadú ar Iarmhéideanna Airgid agus Bainc	371,344	1,179,267
Réiteach an Ghlansreafa Airgid chuig Gluaiseachtaí ar Ghlanchistí		
Glanchistí amhail an 1 Meán Fómhair	3,612,672	2,433,405
Glanchistí amhail an 31 Lúnasa	3,984,006	3,612,672
	371,334	1,179,267

Arna shíniú ar son an Chomhlacta Rialaithe:

David Harvey: **Cathaoirleach**

Jim Devine **Stiúrthóir**